



## Dhá scéal nuachta

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal dhifriúla. Féach ar an dá phictiúr leis an duine in aice leat sula bhféachann tú ar an mír. Cad é ábhar na scéalta, dar libh?



### Ceist 2

A. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *appeal, plea*
- *nature expert*
- *climate change*
- *humanity*
- *Secretary-General*
- *The United Nations*
- *conference*
- *disastrous changes*
- *semi-final game*
- *celebration*
- *achievement*
- *clubhouse*

B. Cén Ghaeilge atá ar an teideal seo mar sin?

*The Secretary-General of the United Nations*

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar an dá scéal.

Scéal 1

Scéal 2

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 4** ‘...ceannairí...’

Cuir na hainmfhocail seo san uimhir uatha agus cuir an t-alt rompu.

- athruithe
- éachtaí
- cluichí
- ceantair
- foirne
- blianta
- Gaeltachtaí

**Ceist 5** ‘...más mian linn...’

Cuir an forainm réamhfhoclach cúí sna bearnaí thíos.

1. An maith leat Bradley Cooper? Nach bhfuil súile deasa \_\_\_\_\_?
2. Go raibh míle maith agat as cuidiú liom. Tá mé iontach buíoch \_\_\_\_\_.
3. Beidh Ruairí ag seoltóireacht amárach. Níl eagla \_\_\_\_\_ mar tá muintín \_\_\_\_\_ as Ciarán.
4. Tá brón \_\_\_\_\_, ach ní bheidh mé ábalta an obair sin a dhéanamh.
5. Bhain Síle céim onóracha amach agus bhí a tuismitheoirí an-bhródúil \_\_\_\_\_.
6. Cuireann Margo isteach go mór ar Jenny mar bíonn sí de shíor ag magadh \_\_\_\_\_.
7. Féachaigí ar an ngrianghraf seo. An bhfuil dúil \_\_\_\_\_?
8. Bhí an scrúdú tiomána aici inné agus ceapann sí gur éirigh go maith \_\_\_\_\_.
9. Deir Andy nach bhfuil aon mheas ag a mhadra \_\_\_\_\_.
10. Bhí an siopa chomh salach sin go raibh déistin \_\_\_\_\_ agus níor cheannaigh muid aon rud.

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad is féidir linn a dhéanamh chun stop a chur leis an athrú aeráide?
2. Deir polaiteoirí áirithe, ar nós Donald Trump, nach bhfuil aon fhianaise ann gurb é an cine daonna is cúis leis an athrú aeráide. Cad a cheapann tú faoin tuairim sin?
3. Conas a bheidh an domhan i gceann caoga bliain, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

#### A.

*appeal, plea* – *achainí*

*nature expert* – *saineolaí dúlra*

*climate change* – *athrú aeráide*

*humanity* – *an cine daonna*

*Secretary-General* – *Ard-Rúnaí*

*The United Nations* – *na Náisiúin Aontaithe*

*conference* – *comhdháil*

*disastrous changes* – *athruithe tubaisteacha*

*semi-final game* – *cluiche leathcheannais*

*celebration* – *ceiliúradh*

*achievement* – *éacht, gaisce*

*clubhouse* – *clubtheach*

#### B.

Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

an t-athrú

an t-éacht

an cluiche

an ceantar

an fhoireann

an bhliain

an Ghaeltacht

### Ceist 5

1. An maith leat Bradley Cooper? Nach bhfuil súile deasa **aige**?
2. Go raibh míle maith agat as cuidiú liom. Tá mé iontach buíoch **díot**.
3. Beidh Ruairí ag seoltóireacht amárach. Níl eagla **air** mar tá muinín **aige** as Ciarán.
4. Tá brón **orm**, ach ní bheidh mé ábalta an obair sin a dhéanamh.
5. Bhain Síle céim onóracha amach agus bhí a tuismitheoirí an-bhródúil **aisti**.
6. Cuireann Margo isteach go mór ar Jenny mar bíonn sí de shíor ag magadh **fúithi**.
7. Féachaigí ar an ngrianghraf seo. An bhfuil dúil **agaibh ann**?
8. Bhí an scrúdú tiomána aici inné agus ceapann sí gur éirigh go maith **léi**.
9. Deir Andy nach bhfuil aon mheas ag a mhadra **air**.
10. Bhí an siopa chomh salach sin go raibh déistin **orainn** agus níor cheannaigh muid aon rud.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eibhlín Ní Choistealbha**

Tá achainí déanta ag an saineolaí dúlra agus an craoltóir, Sir David Attenborough, ar cheannairí an domhain aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Deir Attenborough go bhfuil athrú aeráide ar an mbagairt is mó don gcine<sup>1</sup> daonna leis na mílte bliain.

Dúirt Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, ag an gcomhdháil ar athrú aeráide atá ar bun sa Pholainn, go bhfuil an domhan i bhfad as marc, más mian linn athruithe tubaisteacha aeráide a sheachaint.

Anois tá sé in am do chúrsaí spóirt ar fad an lae le hAodhán.

### **Aodhán Ó Maoileoin**

Go raibh míle maith agat a Eibhlín. Agus is ar chluiche leathcheannais peile na hÉireann atá Cumann Peile Ghaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill, dírithe anois ó fuair siad an ceann is fearr ar an Bhoth i gContae Uíbh Fhailí inné sa chluiche leathcheannais.

Tá sé fós ina cheiliúradh i gceantar Ghaeltachta Ghaoth Dobhair i nDún na nGall, tar éis an bua stairiúil ar an Bhoth as Contae Mhuineacháin i gcluiche ceannais Uladh inné. Tá Corn Séamus McFerran<sup>2</sup> ar ais i dTír Chonaill den chéad uair ó 1975. Ba iad Naomh Seosamh, nach bhfuil ar an bhfód níos mó, an rinne an t-éacht an t-am sin, agus is ag muintir Ghaoth Dobhair anois atá an gaisce déanta.

### **Aodh Máirtín Ó Fearraigh, Iar-Chathaoirleach CLG Ghaoth Dobhair**

Ní hamháin go bhfuil paróiste Ghaoth Dobhair agus Club Ghaoth Dobhair thar a bheith bródúil as na héachtaí atá déanta ag an fhoireann seo i mbliana, ach chonaic muid inné agus chonaic muid anseo sa chlubtheach aréir go bhfuil Dún na nGall ar fad agus na cumainn ar fad sa cheantar, go bhfuil siad iontach bródúil. Agus is cinnte gur lá bródúil a bhí ann do chlub Ghaoth Dobhair inné agus don chontae ar fad.

---

<sup>1</sup> *don chine* an leagan Caighdeánach

<sup>2</sup> *Corn Shéamuis Mhic Fhearáin* i nGaeilge